Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 26 Deireadh Fómhair 2023**
**(OR. en)**

**14535/23**

**FIN 1083**
**INST 410**
**PE-L 40**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | An Coiste um an mBuiséad |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 13788/23 |
| Ábhar: | Aistriú leithreasuithe Uimh. DEC 17/2023 laistigh de Roinn III - an Coimisiún - den bhuiséad ginearálta do 2023 |

1. An 11 Deireadh Fómhair 2023, chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle an togra i leith aistriú leithreasuithe Uimh. DEC 17/2023, i gcomhréir le hAirteagal 31(1) den Rialachán Airgeadais[1].

Is é is cuspóir don togra seo EUR 17.4 milliún san iomlán i leithreasuithe neamhdhifreáilte a ath-leithdháileadh ó mhíreanna 20 01 02 01 (*Luach saothair agus liúntais - Ceanncheathrú agus Oifigí Ionadaíochta*) 20 01 02 03 (*Luach saothair agus liúntais - Toscaireachtaí an Aontais*), 20 02 01 01 (*Foireann ar conradh*) agus 20 02 06 02 (*Speansais a bhaineann le cruinnithe, grúpaí saineolaithe agus comhdhálacha)* go míreanna 20 03 02 02 (*Caiteachas a bhaineann le foirgnimh*), 20 03 08 03 (*Faisnéis a cheannach*), 20 03 13 01 (*Caiteachas aistriúcháin*), O6 01 03 01

[1] Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

(*Speansais misean agus ionadaíochta*) agus O6 01 04 01 (*Cíosanna agus ceannacháin*) mar a leagtar amach in 13788/23.

2. Tá an t-aistriú á mholadh chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

— costais fuinnimh a chumhdach (EUR 11.5 milliún), sa bhreis ar an méid a chumhdaítear le haistrithe uathrialacha ón gCoimisiún (EUR 2.2 milliún);

— chun go gcumhdófar an gá méadaithe le faisnéis airgeadais a cheannach chun críoch réamhaisnéise agus bainistíochta riosca roimh ré de réir na gcúraimí agus na bhfreagrachtaí a bhaineann le hionstraim NextGenerationEU (EUR 1.4 milliún);

— an caiteachas ar sheachfhoinsiú aistriúcháin go dtí deireadh na bliana a chumhdach (EUR 4 mhilliún);

— buiséad misean na hOifige Eorpaí Frith-Chalaoise (OLAF) a atreisiú, go háirithe le haghaidh imscrúduithe (EUR 0.25 milliún);

— costais chíosa OLAF, ar tháinig méadú eisceachtúil orthu de bharr innéacsú (+ 10 %) (EUR 0.3 milliún), a chumhdach.

3. Scrúdaigh an Coiste um an mBuiséad an togra seo le haghaidh aistrithe ag an gcruinniú a bhí aige an 24 Deireadh Fómhair 2023.

4. Tar éis an scrúdaithe sin, chomhaontaigh an Coiste um an mBuiséad, trí thromlach cáilithe, a mholadh go molfadh Coiste na mBuanionadaithe don Chomhairle an méid seo a leanas a fhormheas:

— an togra i leith aistriú leithreasuithe atá beartaithe, mar a leagtar amach in 13788/23 é; agus

— an dréachtlitir a leagtar amach san IARSCRÍBHINN a ghabhann leis an nóta seo.

**IARSCRÍBHINN**

DRÉACHTLITIR

ó: Uachtarán na Comhairle

chuig: Uachtarán Pharlaimint na hEorpa

cóip: Uachtarán an Choimisiúin

A chara,

I gcomhréir le hAirteagal 31(4) den Rialachán Airgeadais an 18 Iúil 2018[1], cuirim in iúl duit leis seo gur cheadaigh an Chomhairle aistriú leithreasuithe Uimh. DEC 17/2023 laistigh de Roinn III - an Coimisiún – den bhuiséad ginearálta do 2023.

(Beannacht scoir).

---

[1] Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).